# info@ncca

tacú le teagasc agus foghlaim



## *Aistear*
## Turas Nua
Leathanach 6

I dTreo na Foghlama Leathanach 5

Scéalta Scoileanna Leathanach 14

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | MEÁN FÓMHAIR 2009 | Eagrán 13**

**san eagrán seo** / Eolas chun dáta / Tionscadal Mata / Forualach an Churaclaim / Smaointeoireacht ar an todhchaí / Foghlaim le chéile / Foghlaim ghníomhach / Bileog fíricí don Teastas Sóisearach / Ár ndomhan fíorúil **agus neart eile...**

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# fáilte romhat...

## chuig an gcéad eagrán den scoilbhliain nua.

**Tá sé uile feicthe agat cheana féin. Ach fós féin, is rud speisialta é. Málaí scoile nua. Cóipleabhair ghlana. Mionghháirí. Is tús scoilbhliana nua é.**

Leis an scoilbhliain nua seo tá dóchas agus ionchais nua againn dár gcuid daltaí. Ní labhraítear mórán faoin dóchas i láthair na huaire. Ba bhliain dheacair í dúinn uile agus gan amhras, bhí go leor duaircis ann san earnáil oideachais. Mar sin féin, níl athrú ar bith tagtha ar dhóchas agus ar ionchais leanaí agus daoine óga, agus inár gcáil mar mhúinteoirí is cinnte go dtuigimid méid na freagrachta atá orainn as na daltaí faoinár gcúram. B'fhéidir gur fiú dúinn an deis seo a thógáil chun machnamh a dhéanamh ar ár gcuid oibre agus chun ár n-éachtaí agus ár mbuanna maidir leis an dóchas seo a chothabháil a roinnt.

Deich mbliana i ndiaidh sheoladh an churaclaim athbhreithnithe inár mbunscoileanna, tuigimid go dtaitníonn foghlaim le leanaí agus go bhfuil siad sásta. San athbhreithniú ar churaclam na bunscoile, thuairiscigh múinteoirí gurbh é an rath ba mhó a bhí orthu i ndáil leis an gcuraclam ná gur bhain leanaí taitneamh as an bhfoghlaim. Is féidir linn a bheith bródúil as sin, agus cinnte ba chóir dúinn a bheith bródúil as. Mar sin, chun deich mbliana den churaclam a cheiliúradh, thiomsaíomar albam grianghraf de leanaí ag foghlaim ag an mbunscoil. Agus féadfaidh tú réamhamharc beag a fháil air san eagrán seo de ***info@ncca.***

Sa scoilbhliain nua seo, tá ionchais bhreise againn maidir le tacú le teagasc agus foghlaim, mar beidh an dara bliain den *Tionscadal Mata* ar siúl agus seolfar *Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige.*

Trí cheist a chur faoi céard atá ag teastáil uainn do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí sa 21ú haois, déanaimid mionscrúdú ar an tsaincheist i ndáil le forualach an churaclaim agus roinnimid ár bpleananna do chomhairliúchán faoi thodhchaí oideachas na sraithe sinsearaí.

San eagrán seo chomh maith tá scéalta a cheiliúrann obair múinteoirí, mar baineann an t-eagrán seo leat. Baineann sé le draíocht do chuid oibre a roinnt—obair a dhéanann tú gach lá chun cur ar do chumas déileáil le haghaidheanna dóchasacha, tnúthánacha do dhaltaí i mí Mheán Fómhair.

Agus cé go bhfuil deacrachtaí ar gach uile thaobh i láthair na huaire, fós féin **is fiú dúinn** é seo a cheiliúradh.



Sarah Fitzpatrick
Leas-Phríomhfheidhmeannach
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# clár an eagráin seo


| | |
|---|---|
| Eolas chun dáta | 4 |
| I dtreo na foghlama: an tsraith shinsearach | 5 |
| Aistear: turas nua | 6 |
| *Tionscadal Mata* | 8 |
| Foghlaim le chéile: 10 mbliana de Churaclam na Bunscoile | 10 |
| Smaointeoireacht ar an todhchaí | 13 |
| Scéalta scoileanna | 14 |
| Ár ndomhan fíorúil | 18 |
| Forualach an churaclaim | 20 |
| Foghlaim ghníomhach: athruithe ar eolaíocht na sraithe sinsearaí | 22 |
| Bileog fíricí: Tíreolaíocht sa Teastas Sóisearach | 23 |


## Tacú le teagasc agus foghlaim...


Foilsítear **info@ncca** trí huaire i rith na scoilbhliana, i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin.

Ní fhoilseofar eagrán mhí Eanáir ach i bhformáid leictreonach. Beidh sé ar fáil le híoslódáil ó www.ncca.ie/nuachtlitir. Chun cóip di a fháil go huathoibríoch i do bhosca ríomhphoist, seol ríomhphost chuig **newsletter@ncca.ie** agus cuir an focal 'Subscribe' sa réimse ábhair, nó téigh chuig an suíomh gréasáin agus cliceáil ar an meirge 'Síntiús don Nuachtlitir'.

Cuirimid fáilte roimh ailt ó mhúinteoirí mar aon le tuairimí agus ceisteanna faoi ábhar na nuachtlitreach.



Sonraí teagmhála:

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 661 7180**
Suíomh Gréasáin: **www.ncca.ie**

Seoladh Poist: **An tEagarthóir, info@ncca, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.**

# Eolas chun dáta

Tuairiscí ar dhul chun cinn agus tionscnaimh nua

## Eolas do thuismitheoirí

Agus tú ag socrú síos sa scoilbhliain nua beidh ort déileáil le go leor ceisteanna ó thuismitheoirí a bheidh ag socrú síos freisin. Seans go gcinnfidh do scoil cruinnithe faisnéise grúpa do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí a reáchtáil chun na ceisteanna sin a fhreagairt. Nó féadfaidh tú cur chuige níos neamhfhoirmiúla a roghnú, ag déileáil le gach tuismitheoir de réir mar a ardóidh siad ábhair imní.

Cibé cinneadh a dhéanfaidh tú, tá acmhainní ag an CNCM atá deartha chun cabhrú le múinteoirí agus le tuismitheoirí araon. Sa chuid dár suíomh gréasáin a bhaineann le **Tuismitheoirí** , tá rogha leathan d'ábhair mhínithe do thuismitheoirí daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile araon, lena n-áirítear:

- *Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil. Céard, Cén Fáth agus Conas?* (DVD)
- bileoga leideanna faoi conas cabhrú le leanaí le léitheoireacht, scríbhneoireacht agus matamaitic sa bhaile
- faisnéis ar thrialacha caighdeánaithe agus ar thuairiscí scoile
- bileoga fíricí ar ábhair ar fáil sa tsraith shóisearach
- forbhreathnú ar fhorbairtí in oideachas na sraithe sinsearaí.

Tá cuid de na hacmhainní ag leibhéal na bunscoile ar fáil i raon teangacha. Tá ceann amháin de na 24 bileog fíricí don tsraith shóisearach, Tíreolaíocht, ar fáil san eagrán seo de info@ncca chun blas orthu a thabhairt duit.

Mar sin, sula mbuailfidh tú leis na tuismitheoirí tabhair cuairt ar **www.ncca.ie/tuismitheoirí** agus beidh tú dea-ullmhaithe dóibh.

## An Líonra Bunscoile

San eagrán deiridh de info@ncca dúramar gur bhunaigh an CNCM **An Líonra Bunscoile** chun freagairtí ar thorthaí an Athbhreithnithe ar Churaclam na Bunscoile a mhúnlú. Ar aghaidh leat ag léamh chun a fháil amach céard a tharla sa líonra i ndáil le réimsí an mheasúnaithe agus na dteangacha.

**Measúnú**
I láthair na huaire, táimid ag obair le 17 scoil chun Measúnú chun Foghlama (AfL) a úsáid i mbunscoileanna agus chun cabhrú le múinteoirí saothar daltaí a bhreithniú. Tá súil againn go mbeimid in ann cuid de shaothar na múinteoirí a roinnt leat ar shuíomh gréasáin **ACTION** sa bhliain amach romhainn.

**Teangacha**
Go luath, cuirfidh ocht scoil tús le hobair i réimse na dteangacha i gcomhar leis an CNCM. Beidh an obair dírithe ar Churaclam na Gaeilge ar dtús. Déanfaidh múinteoirí sna scoileanna imscrúdú ar straitéisí chun tacú le forbairt agus dul chun cinn leanaí sa Ghaeilge.

Foilseofar ábhair a fhorbrófar le linn na hoibre seo ar ACTION, in éineacht le roinnt podchraoltaí agus bileoga leideanna faoi mhodheolaíochtaí um theangacha a theagasc. Beidh na chéad acmhainní ar fáil faoi mhí na Nollag.

## Pléphháipéar ar chreatchuraclam an teastais shóisearaigh le haghaidh daltaí faoi mhíchumais foghlama ghinearálta

*'Tríd is tríd, creidim gur cáipéis iontach í. Is moltaí físeacha iad na moltaí a dhéantar agus is iontach a fheiceáil go bhfuil rud éigin á dhéanamh do dhaltaí faoi mhíchumais foghlama'.* Príomhoide

Gabhaimid buíochas le gach duine as na tuairimí a thug siad faoin bpléphháipéar a leagann amach smaointeoireacht ar na bealaí is fearr le curaclam agus measúnú a chumasú chun freastal ar riachtanais dhaltaí na sraithe sóisearaí atá faoi mhíchumais foghlama ghinearálta. Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar an obair a rinneamar sa réimse seo, féach ar an gcuid de shuíomh gréasáin an CNCM a bhaineann le **cuimsiú**. Cuirimid fáilte roimh do thuairimí faoi na hidéanna seo; scríobh chuig **newsletter@ncca.ie**.

## Suirbhé info@ncca

Gabhaimid buíochas le gach duine a thug freagra ar ár suirbhé san eagrán deireanach. Tá a fhios againn anois gur bhreá le líon mór agaibh **info@ncca** a léamh ar líne, agus tá obair ar bun againn chun a chinntiú go mbeidh sé níos éasca é sin a dhéanamh.

Dúirt sibhse, na síntiúsóirí, linn go gcreideann sibh go bhfuil info@ncca faisnéiseach agus úsáideach. Bheadh sé iontach dá scaipfeadh sibh an scéal i measc bhur gcomhghleacaithe tríd an nasc seo, **http://www.ncca.ie/ga/Síntiús_don_nuachtlitir/**, a thabhairt dóibh agus trí mholadh dóibh síntiús a ghlacadh.

## An tsraith shóisearach a chur i bhfeidhm ar bhealach éagsúil?

Bheadh an-spéis againn labhairt le múinteoirí nó scoileanna a bhfuil cur chuige úrnua in úsáid acu i ndáil le teagasc agus foghlaim sa tsraith shóisearach—b'fhéidir go múineann tú d'ábhar ar bhealach beagán éagsúil agus go gcreideann tú go bhféadfadh daoine eile leas a bhaint as an gcur chuige sin. Nó b'fhéidir go bhfuil cur chuige suimiúil ag do scoil i ndáil le hamchlár ranganna na sraithe sóisearaí a leagan amach? Má tá scéal suimiúil agat, déan teagmháil linn ar **newsletter@ncca.ie**. Ba bhreá linn cloisteáil uait!

## Trialacha caighdeánaithe sa mheánscoil íochtarach

Le deireanas, rinneamar taighde a choimisiúnú ar an gcleachtas idirnáisiúnta de thrialacha caighdeánaithe a chur ar dhaltaí sna chéad bhlianta meánscoile (aoisghrúpa 12 – 15 bliana). Cabhróidh na sonraí sin linn comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta faoi na himpleachtaí i gceist le trialacha caighdeánaithe a thabhairt isteach ag pointe breise amháin le linn an oideachais éigeantaigh (úsáidtear trialacha den chineál seo sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic dhá uair le linn blianta bunscoile daltaí cheana féin). Tá súil againn go mbeidh na sonraí sin againn faoi dheireadh na bliana seo, agus coinneoimid ar an eolas thú faoi fhorbairtí sa réimse seo in eagráin de **info@ncca** amach anseo.

Más bándearg an cló, is nasc é

# I dtreo na foghlama

## Cén tuairim atá agat faoin tsraith shinsearach?

**Luadh forbairtí sa tsraith shinsearach go minic in eagráin roimhe seo de info@ncca agus is dócha go bhfuil tú ar an eolas fúthu. Anois, ba bhreá linn cloisteáil uait faoin tionchar iarbhír a bheadh ag athruithe ar churaclam agus ar mheasúnú ar dhaltaí agus ar mhúinteoirí na sraithe sinsearaí.**

An uair dheireanach a chuamar i gcomhairle libh faoin tsraith shinsearach, d'iarramar oraibh a insint dúinn céard ba ghá dúinn a athrú; an tráth seo teastaíonn uainn a fháil amach conas ba chóir dúinn an t-athrú sin a dhéanamh. Sna míonna amach romhainn beimid ag iarraidh oraibh bhur dtuairimí a nochtadh dúinn ar líne. Beimid ag bualadh le cumainn ábhair, le ceardchumainn múinteoirí, le comhlachtaí tuismitheoirí, le hionadaithe ardoideachais agus le roinnt scoileanna agus grúpaí daltaí chun plé a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaimis fíorathruithe a chur i bhfeidhm sa tsraith shinsearach agus conas a d'fhéadfaimis cabhrú le scoileanna dul i ngleic leis na hathruithe sin. Féach ar chlár fógraí do sheomra foirne nó cliceáil ar an nasc chun cóip den bhileog eolais ***I dTreo na Foghlama: Ag éisteacht le scoileanna***, a fháil chun forbhreathnú a fháil ar an gcomhairliúchán.

Beidh an chéad chéim chomhairliúcháin ar siúl ar feadh thart ar ocht mí dhéag, agus le linn na tréimhse sin beimid ag lorg tuairimí faoi:

- an t-ábhar nua, an pholaitíocht agus an tsochaí
- na trí ábhar eolaíochta leasaithe: bitheolaíocht, ceimic agus fisic,
- corpoideachas,
- gearrchúrsaí (cúrsaí 90 uair an chloig),
- an forbhreathnú ar an tsraith shinsearach, agus
- smaointe faoi conas athruithe i scoileanna a threorú agus conas tacú leo.

Beidh comhairliúchán faoi na réimsí seo ar siúl ar feadh tréimhse a bheidh fada go leor, le ham agus le deis a thabhairt duit tuairimí a nochtadh faoi cibé méid réimsí agus is mian leat. Cuimseoimid gníomhaíochtaí foghlama samplacha freisin chun a léiriú conas a d'fhéadfaí ábhair agus gearrchúrsaí a chur i láthair sa seomra ranga. Féach ar na **gníomhaíochtaí foghlama don pholaitíocht agus an tsochaí** agus inis dúinn céard a cheapann tú fúthu!

Tá tús curtha le comhairliúchán faoin bpolaitíocht agus an tsochaí agus faoi *Leading and Supporting Change in Schools* cheana féin agus críochnófar i mí na Samhna 2009 é.

Mar sin, chun tús a chur le do rannpháirtíocht, logáil isteach ar **www.ncca.ie/seniorcycle**, cliceáil ar an nasc chuig an gcomhairliúchán agus inis dúinn céard a cheapann tú faoi na hathruithe molta.



# Aistear... turas nua

## Creatchuraclam na Luath-Óige

**Gach Meán Fómhair bítear ag smaoineamh ar thús nua. Is fíor sin ach go háirithe i gcás na mílte naíonán sóisearach a chuireann tús lena n-aistear tríd an mbunscoil, iad lán d'iontas agus réidh don eachtra mór nua. I mí Dheireadh Fómhair na bliana seo, beidh 'tús nua' eile, nuair a sheolfar *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige.***

### Céard is *Aistear ann?*

Is **creatchuraclam nua na luath-óige** é *Aistear* atá dírithe ar leanaí in Éirinn ó bhreith go haois sé bliana. Toisc go gcuireann leanaí tús lena n-aistear foghlama ar feadh an tsaoil i rith na luath-óige, socraíodh *Aistear* a thabhairt ar an gcreat seo.

Cuimsíonn an creatchuraclam faisnéis chun cabhrú le cleachtóirí, lena n-áirítear múinteoirí naíonán agus múinteoirí Túis Luaith, eispéiris foghlama a phleanáil a bheidh siamsúil agus dúshlánach de réir mar is cuí agus a chuirfidh ar chumas na leanaí uile fás agus forbairt mar fhoghlaimeoirí inniúla, muiníneacha. Déanann *Aistear* cur síos ar na cineálacha eispéiris foghlama atá tábhachtach do leanaí le linn na luath-óige agus cuirtear a lán idéanna agus moltaí praiticiúla ar fáil ann. Tugtar eiseamláirí de bhealaí chun an fhoghlaim sin a chothú freisin.

### Cé air a bhfuil *Aistear* dírithe?

Tá *Aistear* dírithe ar na leanaí uile ó bhreith go haois sé bliana. Ciallaíonn sin gur féidir é a úsáid i raon suíomhanna, mar shampla, i mbailte na leanaí féin, i suíomhanna feighlíochta leanaí, i gcreiseanna, i naíolanna, i ngrúpaí spraoi, i réamhscoileanna, i naíonraí, in Aonaid Túis Luaith agus i ranganna naíonán i mbunscoileanna.

## Léargas ar an gcreatchuraclam...

### Tá dhá chuid in *Aistear*.

I g**Cuid 1** leagtar amach **12 phrionsabal**. Tá an-chuid de na prionsabail seo cosúil leis na prionsabail in *Curaclam na Bunscoile* cé go bhfuil prionsabail bhreise ann freisin, mar shampla, ceann maidir le foghlaim trí mheán an tsúgartha agus ceann faoi leanaí mar shaoránaigh. Déanann Cuid 1 cur síos ar **inneachar fhoghlaim na leanaí** freisin. Murab ionann agus *Curaclam na Bunscoile*, in *Aistear* baintear úsáid as ceithre théama in ionad úsáid a bhaint as ábhair agus réimsí curaclaim. Is iad na téamaí sin

- Folláine agus Leas
- Féiniúlacht agus Muintearas
- Cumarsáid
- Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Tá nasc idir gach téama agus formhór na n-ábhar, nó na hábhair uile, b'fhéidir, in *Curaclam na Bunscoile*.



**Folláine agus Leas**
**Baineann an téama seo le leanaí muiníneacha, sásta, sláintiúla.**

**Féiniúlacht agus Muintearas**
**Baineann an téama seo le leanaí a fhorbraíonn tuiscint dhearfach ar cé hiad féin, agus a bhraitheann go mbaineann luach leo agus go bhfuil meas orthu mar bhaill de theaghlach agus de phobal.**

**Cumarsáid**
**Baineann an téama seo le leanaí a chomhroinneann a gcuid eispéireas, smaointe, idéanna agus mothúchán le daoine eile le muinín agus le hinniúlacht atá ag dul i méid, ar bhealaí éagsúla agus ar mhaithe le spriocanna éagsúla.**

**Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht**
**Baineann an téama seo le leanaí a fhaigheann tuiscint ar na rudaí, áiteanna agus daoine ina saol. Déanann siad sin trí idirghníomhú le daoine eile, súgradh, imscrúduithe a dhéanamh, ceisteanna a chur agus idéanna a fháil, a thástáil agus a bheachtú.**

Trí mheán na dtéamaí, díríonn *Aistear* ar mheonta agus scileanna leanaí a fhorbairt, ar dhearcaí agus luachanna a chothú agus ar eolas agus tuiscint ar a ndomhan a thógáil:

- **meonta**, leithéidí fiosracht, neamhspleáchas, buanseasmhacht, agus spraíúlacht
- **scileanna**, leithéidí siúl, dreapadóireacht, gearradh agus marcanna a dhéanamh
- **dearcaí agus luachanna**, leithéidí meas ar dhaoine eile, cúram a thabhairt don chomhshaol agus dearcaí dearfacha i ndáil le foghlaim agus maireachtáil
- **eolas agus tuiscint**, leithéidí tuiscint ar dhathanna, ar chruthanna agus ar uimhreacha a fhorbairt, foghlaim conas a fheidhmíonn rudaí agus go mbíonn brí ag focail.

I g**Cuid 2** d'Aistear tá **ceithre shraith de threoirlínte**. Díríonn siad ar na nithe seo a leanas

- foghlaim a shaibhriú trí mheán caidrimh
- foghlaim trí mheán súgartha
- measúnú a úsáid chun tacú le foghlaim
- oibriú le tuismitheoirí.

Tá **Treoir d'Úsáideoirí** ann ina bhfuil faisnéis phraiticiúil faoi conas is féidir leat Aistear a úsáid i do sheomra ranga naíonán nó in Aonad Túis Luaith.

## Céard atá in *Aistear* a bheadh úsáideach domsa?

Tá fuílleach rudaí ann! Sainghné de threoirlínte *Aistear* is ea na heiseamláirí atá bunaithe ar chleachtas. Tugtar *eispéiris foghlama* ar na heiseamláirí sin agus léiríonn siad an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar phríomhtheachtaireachtaí na dtreoirlínte dá gcuirfí i ngníomh i suíomhanna éagsúla iad, lena n-áirítear réamhscoileanna agus seomraí ranga naíonán. Cuimsíonn na treoirlínte idéanna agus moltaí praiticiúla faoi chineálacha éagsúla súgartha a úsáid chun foghlaim leanaí a leathnú; straitéisí chun idirghníomhú le leanaí; modhanna chun foghlaim leanaí a mheasúnú agus pleanáil a dhéanamh do na chéad chéimeanna eile; agus bealaí chun rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhfoghlaim a leanaí a chur chun cinn. Cuimsítear ceisteanna *Machnamh ar mo chleachtas féin* chun cabhrú leat machnamh a dhéanamh ar an méid a dhéanann agus a deir tú chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí, agus chun cabhrú leat pleanáil chun feabhas a chur air sin.

Maidir le súgradh a úsáid chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí, seans go mbeidh spéis agat i scéal Fiona Giblin, atá ar fáil san eagrán seo de **info@ncca** freisin, ina labhraíonn sí faoin mbealach a úsáideann sí súgradh sochdhrámata le naíonáin shóisearacha.

**“Thaitin an t-aguisín d'acmhainní súgartha go mór liom...Ba chóir go mbeadh an liosta seo ag gach múinteoir naíonán!**

**Cheap mé go raibh na heispéiris foghlama an-tairbhiúil, réalaíoch, cabhrach, ábhartha, suimiúil agus praiticiúil.**

**Boscaí machnaimh: Sa dá shraith treoirlínte, tá na boscaí machnaimh tairbhiúil, criticiúil agus bunaithe sa réaltacht, mar úsáideann siad an teoiric chun cur ar do chumas roinnt féinmheastóireachta criticiúla a dhéanamh.”**

**Múinteoir bunscoile, Co. na Gaillimhe**

**“Maith sibh! Tá na boscaí féinmhachnaimh iontach, éiríonn leis na heiseamláirí béim chuí a leagan ar céard atá á chur in iúl.”**

**Múinteoir bunscoile, Co. Chiarraí**

## Ceisteanna agus ceangaltais

Mar gheall ar fhorbairtí a tharla le deireanas, mar shampla, an bhliain réamhscolaíochta saor in aisce do gach leanbh idir 3 bliana 3 mhí agus 4 bliana 6 mhí, tá *Aistear* á sheoladh ag tráth spreagúil san oideachas luath-óige in Éirinn.
Chomh maith leis sin, ardaíonn sé ceisteanna.

### Cén ceangaltas atá idir *Aistear* agus Curaclam na Bunscoile nó Treoirlínte Curaclaim Thús Luath?

Chun cabhrú le freagra a thabhairt ar cheisteanna den chineál seo, oibreoidh an CNCM le cleachtóirí, leanaí agus tuismitheoirí chun eiseamláirí a bhailiú d'*Aistear* i ngníomh i raon suíomhanna éagsúla. D'fhéadfadh físeáin ghearra, grianghraif, agus samplaí de shaothar leanaí agus dá gcomhrá le daoine fásta agus le leanaí eile a bheith san áireamh sna heiseamláirí sin.

### Cén ceangaltas atá idir *Aistear* agus *Síolta, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* (2006)?

Seans gur bhreá leat freagra a fháil ar an gceist seo, go háirithe má tá *Síolta* in úsáid agat mar uirlis fhéinmhachnaimh chun cabhrú leat do chleachtas luath-óige a athbhreithniú agus a fhorbairt. Féadann *Aistear* cabhrú leat oibriú chun roinnt de na caighdeáin i *Síolta* a bhaint amach, leithéidí curaclam, timpeallachtaí, féiniúlacht agus muintearas, comhpháirtíocht le tuismitheoirí, idirghníomhaíochtaí agus súgradh.

## Cén uair agus cá háit a mbeidh mé in ann cóip d'*Aistear* a fháil?

Foilseofar *Aistear* ar shuíomh gréasáin an CNCM ag **www.ncca.ie/luathoige** agus ar CD-ROM i mí Dheireadh Fómhair 2009. Coinnigh súil ar an suíomh gréasáin chun a fháil amach conas cóip a fháil.

I ndiaidh dó a bheith foilsithe, tosóidh an CNCM ag bailiú eiseamláirí d'*Aistear* i ngníomh i suíomhanna éagsúla. Dá mba rud é gur bhreá leat páirt a ghlacadh sa tionscadal seo, seol ríomhphost chuig **newsletter@ncca.ie** le do thoil; ba bhreá linn cloisteáil uait.



# Tionscadal Mata

## Forbairtí i matamaitic na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí.

**San eagrán de info@ncca a foilsíodh i mí Aibreáin 2008, scríobhamar faoi thús *Tionscadal Mata* agus faoin méid a bhí i gceist aige a dhéanamh do theagasc agus d'fhoghlaim na matamaitice in iar-bhunscoileanna. San alt seo, féadann tú a fháil amach céard atá ag tarlú sa réamhghrúpa de 24 scoil agus céard atá i ndán do do scoil amach anseo maidir le teagasc na matamaitice.**

### Cé na gnéithe den chúrsa a bhfuil athrú ag teacht orthu?

Anuraidh, thug an réamhghrúpa Snáithe 1 (Staitisticí agus Dóchúlacht) agus Snáithe 2 (Céimseata agus Triantánacht) isteach sa chéad bhliain agus sa chúigiú bliain ag an am céanna. I mí Mheán Fómhair 2009, tabharfaidh na 24 scoil chéanna Snáitheanna 3 agus 4 (Uimhreas agus Ailgéabar) isteach, agus tabharfaidh siad Snáithe 5 (Feidhmeanna) isteach i mí Mheán Fómhair 2010. Tabharfaidh gach scoil eile sa tír, lena n-áirítear do scoil féin, Snáitheanna 1 agus 2 isteach i mí Mheán Fómhair 2010. Más mian leat réamhamharc a fháil ar dhréachtsnáitheanna 1 agus 2 is féidir leat iad a íoslódáil ó www.ncca.ie/tionscadalmata.

### Níl dada le déanamh agam roimh 2010, mar sin?

Tá go leor le déanamh, cinnte – cuirfear tús le forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí matamaitice sna scoileanna uile eile an téarma seo, bliain roimh thabhairt isteach iomlán *Tionscadal Mata*. Beidh deis ag gach múinteoir freastal ar dhá cheardlann le linn na bliana acadúla. Beidh na ceardlanna dírithe ar an gcur chuige is nuaí i ndáil le teagasc agus foghlaim sa mhatamaitic, go háirithe i Snáitheanna 1 agus 2. Mar aon leis na 24 scoil sa réamhghrúpa, leagfar béim ar a dtarlaíonn sa seomra ranga, agus beifear dírithe ar fhoghlaim na ndaltaí. Tabharfar roinnt pleananna teagaisc agus foghlama, eiseamláirí d'ábhair mheasúnaithe, agus faisnéis faoi acmhainní eile a bheidh ar fáil dóibh do mhúinteoirí freisin. Beidh Oifigeach Forbartha Réigiúnach don *Tionscadal Mata* i dteagmháil le do scoil faoi na ceardlanna seo.

### Cuir i gcuimhne dom arís é – céard atá éagsúil faoi leasú seo na matamaitice?

In *Tionscadal Mata* tá na múinteoirí agus na daltaí sna 24 scoil ag glacadh páirte sa phróiseas forbartha curaclaim: tá siad ag úsáid na snáitheanna nua siollabais agus ag tabhairt aiseolais ar cé chomh éasca is atá sé iad a fhoghlaim agus a theagasc. Déantar na snáitheanna a leasú bunaithe ar an aiseolas ó na múinteoirí agus na daltaí. Tá an cur chuige seo deartha chun fáil réidh leis an mbearna idir an curaclam ar pháipéar agus an curaclam in úsáid sa seomra ranga.

> **'Tá *Tionscadal Mata* deartha chun nasc a chruthú idir churaclam leasaithe na bunscoile agus an curaclam dara leibhéal agus chun litearthacht níos fearr sa mhatamaitic a chur chun cinn ar fud an phobail scoile. Tá sé deartha freisin chun méadú ar líon na ndaltaí a dhéanfaidh matamaitic ag an ardleibhéal agus chun bonn daingean a chur ar fáil a ullmhóidh daltaí do ghairmeacha san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht, sa ghnó nó i roghanna léann daonna'**
>
> An tAire Batt O' Keeffe ag seoladh *Tionscadal Mata* ar an 10 Deireadh Fómhair 2008 i Scoil Mhuire, Ceann Tuirc, Co. Chorcaí.

## Conas a d'éirigh leis na múinteoirí sna scoileanna sa réamhghrúpa?

Taitníonn an cur chuige nua in *Tionscadal Mata* le daltaí agus le múinteoirí araon. Bhí dúléim i gceist do na múinteoirí sna 24 scoil nuair a thosaigh siad le Snáitheanna 1 agus 2 i mí Mheán Fómhair 2008. Bhí orthu déileáil le hinneachar nua, agus bhí orthu glacadh le straitéisí nua teagaisc agus foghlama sa seomra ranga. Ní haon ionadh é go raibh múinteoirí buartha faoi na hacmhainní a bheadh ag teastáil ó thaobh ama, soláthar TF, ábhair seomra ranga agus ábhair mheasúnaithe de. D'fhorbair múinteoirí a bpleananna teagaisc agus foghlama féin chun a chinntiú go mbeadh a gceachtanna níos gníomhaí, agus chomhoibrigh siad lena gcomhghleacaithe chun feabhas a chur ar theagasc na matamaitice ina scoileanna. In ainneoin roinnt ábhair imní, ghlac múinteoirí leis na snáitheanna nua go díograiseach; thuairiscigh siad go raibh na tairbhí lena mbaineann le feiceáil i saothar daltaí agus tá siad ag rá go bhfuil a gcuid spéise san ábhar á múscailt arís!

**"Mar gheall ar ghné fhoghlama phraiticiúil an ábhair...tá an mhatamaitic mar ábhar níos siamsúla, níos praiticiúla anois...Táim ag múineadh le deich mbliana anuas, agus ní fhaca mé athrú chomh mór i bpáistí riamh.**
**(Múinteoir)** "

**"Mar gheall ar an athrú ar an modheolaíocht teagaisc, tá spéis ghníomhach ag daltaí sa rang...Tá sé níos gníomhaí mar tá méadú tagtha ar rannpháirtíocht daltaí. Tá daltaí ag rá go bhfuil sé 'siamsúil', an-éagsúil óna dtaithí go dtí seo."**
**(Múinteoir)**

## Conas atá ag éirí leis na daltaí?

Deir daltaí go bhfuil siad níos tógtha leis an ábhar agus go bhfuil siad ag baint taitnimh as an matamaitic – an féidir leis seo a bheith fíor? Is cosúil gur mhúscail na modheolaíochtaí níos gníomhaí agus an bhéim leagtha ar 'mhatamaitic a dhéanamh' in ionad 'matamaitic a fhoghlaim' spéis múinteoirí agus daltaí araon.

**"Bainimid úsáid as díslí, boinn agus cártaí inár rang dóchúlachta... Déanann beirt againn an dísle a rolladh 50 uair an duine agus déanaimid na torthaí a thaifeadadh. Is iontach an rud é a bheith ag oibriú i bhfoirne sa rang matamaitice."**

**(Dalta)**

**Deir daltaí go bhfuil siad níos tógtha leis an ábhar agus go bhfuil siad ag baint taitnimh as an matamaitic.**



## Céard faoi na scrúduithe?

Tiocfaidh athrú de réir a chéile ar na páipéir scrúdaithe chun an cur chuige athraithe i ndáil le teagasc agus foghlaim a léiriú. Tarlóidh an t-athrú de réir a chéile. I mí Dheireadh Fómhair 2009, bainfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) triail as scrúdpháipéar 2 do **mhatamaitic na hArdteistiméireachta** sna 24 scoil a chuir tús leis an Tionscadal Mata i mí Mheán Fómhair 2008. Ina dhiaidh sin, eiseoidh an SEC páipéar samplach 2, ar a mbunófar scrúdpháipéar 2 leasaithe i mí an Mheithimh 2010. Sa pháipéar nua, beidh coibhneas cothrom idir na marcanna ar fáil do cheisteanna traidisiúnta (a bhaineann le heolas ar choincheapa) agus na marcanna ar fáil do cheisteanna bunaithe ar chomhthéacs agus ar úsáidí.

I mí an Mheithimh 2011, déanfaidh daltaí a thosaigh sa chéad bhliain sna 24 scoil tosaigh i mí Mheán Fómhair 2008 scrúdpháipéar 2 athraithe do **mhatamaitic an Teastais Shóisearaigh**. Déanfaidh coiste cúrsa matamaitice an Teastais Shóisearaigh den CNCM na socruithe do pháipéar 2 nua ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh a chinneadh sa téarma amach romhainn, agus is dóigh go mbeidh patrún comhchosúil i gceist leis.

## Cá háit is féidir liom tuilleadh faisnéise a fháil?

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar shuíomh gréasáin an CNCM, **www.ncca.ie/tionscadalmata**, agus ar shuíomh gréasáin *Tionscadal Mata*, **www.projectmaths.ie**. Ar na suíomhanna seo tá pleananna samplacha teagaisc agus foghlama, gníomhaíochtaí seomra ranga agus bileoga oibre, ábhair mheasúnaithe agus leabhráin de chleachtaí do dhaltaí.

# Foghlaim le chéile

## 10 mbliana de *Curaclam na Bunscoile* á gceiliúradh



**I mí Mheán Fómhair 2009, beidh 10 mbliana thart ó seoladh *Curaclam na Bunscoile*. Is deacair a chreidiúint gur seoladh na 23 cáipéis curaclaim chuig gach seomra ranga bunscoile in Éirinn tréimhse chomh fada ó shin. Toisc go bhfuil sé mar thraidisiún againn ócáidí a chomóradh, san alt seo iarrtar orainn machnamh a dhéanamh ar an aistear a rinneamar ó seoladh an curaclam, curaclam an lae inniu a bhreithniú agus a cheiliúradh agus aghaidh a thabhairt ar an mbóthar amach romhainn.**

### Deis machnaimh—Curaclam nua?

Ba chloch mhíle shuntasach in oideachas bunscoile na hÉireann é *Curaclam na Bunscoile* a léirigh smaointeoireacht agus ionchais tíre díreach roimh mhílaois nua. Ba léir go raibh an t-athrú i gceist leis an gcuraclam nua rímhór ó mhéid an churaclaim féin, agus cinnte, bhain dúshlán ar leith leis an mbosca ina raibh na 23 leabhar a stóráil. Bhí sé deacair neamhaird a thabhairt ar na comharthaí d'athrú sa seomra ranga bunscoile, ach bhain dúshlán leis na hathruithe sin a chur i bhfeidhm i gcleachtas. B'fhéidir gur ábhar sóláis do mhúinteoirí é nach raibh an curaclam go hiomlán nua – ba churaclam leasaithe é a bhí fréamhaithe i bprionsabail *Curaclam na Bunscoile* (1971). Seans gur chabhraigh sin leo a bheith níos muiníní faoi na 23 cáipéis. Cé gur éabhlóid in ionad réabhlóide a bhí i gceist leis an gcuraclam, níl aon amhras ann ach gur leathnaigh an curaclam teorainneacha oideachas bunscoile na hÉireann trí thrí ábhar nua a thabhairt isteach: OSPS, eolaíocht agus drámaíocht. Tháinig athruithe móra ar na hocht n-ábhar eile freisin, mar cuireadh cuspóirí ábhair agus scileanna mionchruinne agus raon níos leithne de mhodheolaíochtaí ar fáil dóibh. Bhí focail ar nós *snáitheanna, snáithaonaid, eiseamláirí* agus *cuspóirí* mar chuid d'fhoclóir an churaclaim.

Cuireadh an curaclam i ngníomh i scoileanna agus i seomraí ranga de réir a chéile. Cé gur thuairiscigh múinteoirí gur bhraith siad go raibh úinéireacht acu ar na teoiricí leanbhlárnacha a chuir bonn faoi *Curaclam na Bunscoile*, bhí am agus spás ag teastáil uathu chun machnamh a dhéanamh ar an gcuraclam: *Céard a chiallaíonn sé domsa*

info@ncca

*agus do mo rangsa? Conas is féidir liom é a úsáid chun feabhas a chur ar mo theagasc agus ar fhoghlaim na leanaí?* Seans nár chabhraigh na hagaí teoranta idir sholáthar náisiúnta na forbartha gairmiúla do gach ábhar leis an bpróiseas seo.

Nuair a soláthraíodh lá pleanála inscoile i gcomhair 'athbhreithniú agus chomhdhlúthú' an churaclaim in 2004, ba aitheantas é sin ar an méid a bhí le déanamh ag múinteoirí bunscoile chun taithí níos fearr a fháil ar *Curaclam na Bunscoile*. Bhí na laethanta pleanála sin ríluachmhar do mhúinteoirí, mar chabhraigh siad leo an curaclam a leabú ina gcleachtas laethúil agus thug sé deis do mhúinteoirí teacht le chéile chun plé, díospóireacht agus cinnteoireacht a dhéanamh faoin gcuraclam.

Mar sin féin, bíonn deacrachtaí ag scoileanna agus ag múinteoirí fós maidir le ham leordhóthanach a fháil chun comhoibriú agus pleanáil a éascú.

## Curaclam ag athrú – gá le hathbhreithniú

Nuair a seoladh *Curaclam na Bunscoile* dúirt Micheál Martin, an tAire Oideachais agus Eolaíochta ag an am, go mbíonn sé riachtanach monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar gach curaclam chun a chinntiú go mbeidh sé éifeachtúil. Trí fheabhsuithe a dhéanamh de réir a chéile, is féidir príomhchuspóirí a bhaint amach, agus bhí athbhreithniú ar an gcuraclam ina chuid thábhachtach den phróiseas seo mar d'aithin sé agus d'fhreagair sé do na dúshláin agus na hathruithe a tharla ó thosaigh an t-aistear seo i 1999.

Sna deich mbliana ó shin, tá athruithe suntasacha cultúrtha agus sochaíocha tagtha ar Éirinn. Tá méadú tagtha ar líon na leanaí le riachtanais speisialta oideachais agus ar líon na leanaí nach bhfuil Gaeilge ná Béarla mar chéadteanga acu atá ag freastal ar bhunscoileanna. I láthair na huaire, tá buiséid agus acmhainní laghdaithe ag scoileanna toisc go bhfuilimid i lár géarchéime geilleagraí náisiúnta. Nuair a tharlaíonn athruithe, ní féidir le curaclam fanacht gan athrú má tá sé chun freastal ar riachtanais na leanaí agus na sochaí faoi láthair anois agus feasta. Sin an chúis ar chríochnaigh an CNCM dhá athbhreithniú mhóra ar an gcuraclam i scoileanna, ag féachaint ar **Béarla, Matamaitic, OSPS** in 2005 agus ar **Gaeilge, Eolaíocht agus OSPS** in 2008. Cuireann buanna agus dúshláin an churaclaim, mar a thuairiscíonn múinteoirí, príomhoidí, tuismitheoirí agus leanaí iad sna hathbhreithnithe seo, bonn faoi obair reatha an CNCM.

Tá samplaí de roinnt de na dúshláin seo agus de na freagraí a tugadh orthu ar fáil thíos.

- **Ábhar tacaíochta breise: Struchtúr Churaclam an Bhéarla**
  Thuairiscigh múinteoirí go raibh sé deacair na ceithre shnáithe i gcuraclam an Bhéarla a úsáid sa phleanáil. Mar fhreagra air sin, d'eisigh an CNCM ***Additional support material: Structure of the English Curriculum***. Chuir sin formáid mhalartach de churaclam an Bhéarla ar fáil.

- **DVD do thuismitheoirí**
  D'iarr tuismitheoirí tuilleadh faisnéise chun cabhrú leo tacú le foghlaim a leanaí, agus mar fhreagra air sin, sheol an CNCM DVD do thuismitheoirí, ***Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil: Céard, Cén Fáth agus Conas?***.

- **Treoirlínte maidir le measúnú**
  I ndiaidh iarratas ó mhúinteoirí ar chomhairle agus ar thacaíocht bhreise i ndáil le leas a bhaint as modhanna éagsúla measúnaithe, forbraíodh, **treoirlínte maidir le measúnú.**

- **Suíomh gréasáin ACTION**
  Thuairiscigh múinteoirí go raibh gá le heiseamláirí breise de mhodhanna teagaisc agus foghlama. Chun freastal ar an riachtanas seo, dearadh suíomh gréasáin ACTION chun an chuma a bhíonn ar an gcuraclam i gcomhthéacsanna éagsúla seomra ranga a léiriú, le cabhair ó ghníomhaíochtaí samplacha a gineadh le múinteoirí agus do mhúinteoirí.

## Obair reatha

Chun cur leis an obair seo, i láthair na huaire tá an CNCM ag gabháil do fhreagra a thabhairt ar thorthaí an athbhreithnithe is déanaí. Táimid ag oibriú go díreach le múinteoirí agus le príomhoidí i líonra bunscoileanna chun a chinntiú go léireoidh ár gcuid oibre réaltacht i seomraí ranga bunscoile i gcónaí. Tugann an líonra deis dúinn saincheisteanna éagsúla a phlé le scoileanna, mar shampla, forualach an churaclaim, measúnú ar fhoghlaim leanaí a bhreithniú, agus pleanáil agus dul chun cinn in *Curaclam na Gaeilge*. Coinneoidh **info@ncca** ar an eolas sibh faoi obair an líonra.







## Deich mbliana a chomóradh: grianghraif agus scéalta

Má táthar chun aon bhreithlá a chomóradh, tá gá le grianghraif agus scéalta. Tá sé mar an gcéanna do chomóradh deich mbliana *Curaclam na Bunscoile*. Níos luaithe i mbliana, thug an CNCM, le tacaíocht ó líonra na n-ionad oideachais, cuireadh do scoileanna grianghraif agus scéalta le teidil orthu a sholáthar chun an curaclam i ngníomh a léiriú. Bailíodh na céadta grianghraf a bhain leis na sé réimse curaclaim ó scoileanna ar fud na tíre. Chuir roinnt scoileanna scéalta chugainn faoi eispéiris foghlama a bhí acu i ndáil le gnéithe éagsúla den churaclam, agus tá dhá cheann díobh ar fáil san eagrán seo. Cuimsíonn na scéalta téamaí éagsula, leithéidí an uimhearthacht, na hEalaíona, ceannasaíocht ar an gcuraclam, an súgradh, TFC, an measúnú, forualach an churaclaim agus OSPS.

Ar an 9 Meán Fómhair, rinne Batt O'Keeffe, an tAire Oideachais agus Eolaíochta, 10 mbliana de *Curaclam na Bunscoile* a chomóradh ag ócáid dar teideal *Fás agus foghlaim le chéile, 10 mbliana de Churaclam na Bunscoile*. Dáileadh CD, ina bhfuil grianghraif agus scéalta faoin gcuraclam i ngníomh, le linn na hócáide. Is féidir na grianghraif agus na scéalta sin a fheiceáil ar **www.ncca.ie/fasagusfoghlaim**, agus beidh siad ar taispeáint ag d'ionad oideachais áitiúil.

Ní féidir le haon ghrianghraf nó scéal amháin an chastacht i gceist le teagasc agus foghlaim, nó obair iontach múinteoirí, príomhoidí, tuismitheoirí agus leanaí a léiriú i gceart. Mar sin féin, tugann an bailiúchán ar an suíomh gréasáin léargas ar na cleachtais laethúla agus ar an gcruthaitheacht atá ina bpríomhthréithe de *Curaclam na Bunscoile* i rogha seomraí ranga iarbhír. Cabhróidh na léargais sna grianghraif agus sna scéalta le smaointeoireacht faoi réitigh nua, agus ceiliúrann agus tacaíonn siad le hobair múinteoirí agus leanaí trí na heispéiris foghlama nach maireann ach seal fhaiteadh na súl a chomhroinnt. Cabhraíonn siad leis an mistéir a bhaint den teagasc agus foghlaim a bhíonn ar siúl i seomraí ranga éagsúla freisin.

## Céard faoin todhchaí?

Le blianta beaga anuas, rinneadh athbhreithnithe ar churaclaim i dtíortha eile i bhfianaise éilimh shochaí an 21ú haois, agus rinneadh imscrúdú ar roghanna éagsúla—croíchuraclam a shainiú nó inniúlachtaí agus scileanna tábhachtacha a aithint. Caithfidh go mbeidh curaclam in ann freagairt d'athruithe sa tsochaí chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíoch níos leithne.

Sa bhliain amach romhainn, tá sé beartaithe ag an CNCM plé oscailte a dhéanamh ar *Curaclam na Bunscoile*. Tá súil againn labhairt faoi ábharthacht an churaclaim i ndomhan a bhíonn ag síorathrú, agus faoi na hathruithe ar chóir dúinn a dhéanamh agus aghaidh á tabhairt againn ar dhúshláin an 21ú haois. Beidh ionadaithe bunoideachais agus oideachais níos déanaí páirteach sna díospóireachtaí sin, agus cabhróidh siad lenár gcuid oibre ar fhorualach an churaclaim, atá ar bun againn cheana féin. Inseoimid duit conas is féidir leat páirt a ghlacadh in eagráin de **info@ncca** amach anseo. Féadann tú níos mó a léamh san alt *Forualach an churaclaim: freagairt don dúshlán*, atá ar fáil san eagrán seo freisin.

Ba aistear iontach é an t-aistear a thosaigh le seoladh an churaclaim ar an 9 Meán Fómhair 1999. Agus é ag labhairt ag an tráth sin, dúirt an tOllamh John Coolahan, *má éiríonn linn, beidh cloch mhíle shuntasach bainte amach againn.* Tugann comóradh cothrom deich mbliana an churaclaim deis dúinn cuimhneamh ar an am atá thart, machnamh a dhéanamh ar an méid atá ar siúl i láthair na huaire agus é a cheiliúradh, agus aghaidh a thabhairt ar an todhchaí. Leanfaimid ar aghaidh lenár n-aistear curaclaim, ag fás agus ag foghlaim le chéile.

**Míle buíochas le Scoil Chaitríona Shóisearach, Gaillimh, Scoil Naomh Iósaf, an Corrbhaile, Tiobraid Árainn, Gorey Educate Together, Guaire, Loch Garman agus Scoil Náisiúnta Naomh Aodán, Sligeach a roinn a gcuid grianghraf linn.**

# Smaointeoireacht ar an todhchaí

**Ó mhí Mheán Fómhair 2006 i leith, tá an CNCM ag obair le roinnt scoileanna ar Phróifílí Foghlama Solúbtha (FLPanna) do dhaltaí sa tsraith shinsearach. Sa chomhthéacs seo is éard atá i gceist le solúbthacht ná guth a thabhairt do dhaltaí agus rogha a thabhairt dóibh ina réimsí staidéir. Bheadh an phróifíl foghlama déanta suas de na réimsí foghlama a roghnódh daltaí agus den tacaíocht a thabharfaí do dhaltaí san fhoghlaim sin. Céard atá nua faoin gcur chuige seo, mar sin? Bhuel, tá na scoileanna seo ag féachaint ar bhealaí le rogha níos leithne a thabhairt dá gcuid daltaí. Tá roinnt acu ag féachaint le cúrsaí FETAC a thairiscint, in éineacht leis an Ardteistiméireacht thraidisiúnta, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT). Tá na scoileanna uile ag imscrúdú bealaí níos nuálaí le TFC a úsáid chun tacú le foghlaim sa tsraith shinsearach.**

Is iad seo a leanas roinnt de na príomhcheisteanna a mbíonn ar scoileanna déileáil leo agus iad ag smaoineamh ar Phróifílí Foghlama Solúbtha a chur ar fáil dá ndaltaí amach anseo:

- an bhféadfadh daltaí próifílí foghlama a fhorbairt chun a gconair fhoghlama tríd an tsraith shinsearach a léiriú agus chun fianaise a thabhairt de na príomhscileanna atá forbartha acu?
- an bhfuil bealach le ceangaltas níos fearr a chothú idir foghlaim neamhfhoirmiúil lasmuigh den scoil agus foghlaim a tharlaíonn ar scoil?
- conas is féidir foghlaim a dhéanamh níos ábhartha agus níos bríche do na daltaí – an í an teicneolaíocht an réiteach ceart?

Ní in Éirinn amháin atá scoileanna ag smaoineamh faoin todhchaí ar an mbealach seo. Thall sa Ríocht Aontaithe, forbraíodh sé chás oideachais fhéideartha i gcomhthéacs athruithe eolaíochta agus teicneolaíochta in 2025. Tabhair cuairt ar **www.beyondcurrenthorizons.org.uk** chun féachaint ar na cásanna sin agus chun a fháil amach conas a d'fhéadfása an mapálaí físe a úsáid chun curaclam a phleanáil!

Ní bhaineann smaointeoireacht ar an todhchaí le réamhinsintí; baineann sé le féidearthachtaí éagsúla don todhchaí a phlé - céard atá indéanta, céard atá dóchúil agus céard atá inmhianaithe. Tugann sé dúshlán dúinn smaoineamh ar céard atá i gceist le 'hoideachas' i ndáiríre; an rud é a chuireann ar chumas daoine poist a fháil, rud a mbraithimid air chun réitigh a fháil, áit ina ndéantar nithe a athrú nó an mbaineann sé le daoine a spreagadh chun bheith cruthaitheach agus chun fás agus forbairt a dhéanamh.

Agus aghaidh againn ar an todhchaí, tá go leor le smaoineamh air i ndáil le hoideachas sna blianta amach romhainn; gan amhras, beidh solúbthacht i dteagasc agus i bhfoghlaim mar ghné amháin de.



# Scéalta scoileanna

**Agus muid ag comóradh 10 mbliana de *Curaclam na Bunscoile*, d'iarr an CNCM ar scoileanna scéalta a chomhroinnt faoi conas a chuir siad an curaclam i ngníomh ar bhealaí nuálaíocha agus cruthaitheacha, ag leagan béime ar a gcuid buanna agus ar na dúshláin ar bhuail siad leo. Seo duit scéalta dhá scoil, agus tá scéalta scoileanna eile ar fáil ar ár suíomh gréasáin.**

## Oscailt Suas: Foghlaim trí mheán TFC

"

Is scoil bheag tuaithe le ceathrar múinteoirí in iarthar Mhaigh Eo í **Scoil Náisiúnta an Inbhir** a tógadh i 1885. Toisc go rabhamar inár mball den chéad scéim do scoileanna faoi mhíbhuntáiste, bhí cóimheas fabhrach daltaí/múinteoirí againn i gcónaí. Cé gur seomraí ranga ilghráid iad formhór na seomraí ranga, ní raibh níos mó ná 20 leanbh in aon seomra ranga le deich mbliana anuas.

Mar aon le formhór na scoileanna eile, ní bhfuaireamar aon mhaoiniú do TFC ó 2002, agus sa bhliain sin fuaireamar 2700 euro– an tráth sin níor cheannaigh an méid sin airgid ach leath ríomhaire. Caithimid a lán ama ag cur píosaí de sheanríomhairí le chéile agus á ndeisiú chun go n-oibreoidh siad arís. Déanaimid sin mar creidimid, agus de réir ár dtaithí, tá sé fíor, go saibhrítear an próiseas teagaisc trí theicneolaíocht a úsáid i dteagasc agus i bhfoghlaim agus go ndéanann sé oideachas níos bríche agus níos inrochtana dár leanaí.

### Deich mbliana ó shin

Thart ar dheich mbliana ó shin, tháinig dhá rud shuimiúla le chéile inár scoil – agus i scoileanna eile in Éirinn thart ar an am céanna. Ar thaobh amháin, bhí an mhistéir agus an dóchas ginte ag tabhairt isteach *Curaclam na Bunscoile* agus ar an taobh eile, bhí an spreagthacht a bhain le TF2000, an beartas náisiúnta um TFC san oideachas. Ag machnamh air anois, ní dóigh liom go ndearnadh an dá rud seo a chomhordú ar bhealach comhtháite, ach i mo thuairimse, bhí an t-ádh orainn maidir lena dtráthúlacht. Ba chosúil gur thug prionsabail bhunúsacha *Curaclam na Bunscoile* agus na féidearthachtaí maidir le teicneolaíocht a chuimsiú san oideachas tacaíocht dá chéile. Ag an am céanna, ba chosúil go raibh an dá rud ag tabhairt cumhachta do mhúinteoirí, agus ag moladh neamhspleáchais agus cruthaitheachta sa seomra ranga. I dteannta a chéile, d'éirigh leo tús a chur le roinnt de na hathruithe is tábhachtaí a tharla san oideachas bunscoile leis na cianta.

### Ag labhairt le scoileanna eile

Ceann de na hathruithe is mó a tháinig ar ár scoil ná gur ghlacamar an deis tionscadail chomhoibritheacha éagsúla a dhéanamh ar líne agus go mbímid páirteach i gcomhráite oideachais cruthaitheacha le scoileanna eile anois. Mar gheall ar cheann de na heachtraí is luaithe a bhí agam le teicneolaíocht i mo sheomra ranga, bhí mo rang de leanaí sé agus seacht mbliana d'aois in ann 'cuairt' a thabhairt ar sheomra ranga san Astráil beagnach gach lá trí mheán ríomhphoist. Bhí ár leanaí an-tógtha leis na difríochtaí idir séasúir, leis na siorcanna marfacha agus le háilleacht na gcrann líomóide. D'fhoghlaim na leanaí i Sydney an-chuid faoin séasúr breithe uain agus faoi cé chomh drogallach is a bhíomar dul ag snámh san fharraige i mí an Mhárta. Tharla an comhoibriú sin trí mheán cábla gutháin plugáilte isteach sa soicéad gutháin i seomra ranga an phríomhoide lena ndiailíomar amach chun nasc idirlín a fháil...ach bhí an t-ádh orainn, mar ní raibh guthán ar bith ag na scoileanna eile inár gcomharsanacht ag an am!

An téarma seo, aon bhliain déag níos déanaí, tá tionscadal comhchosúil ar bun ag mo rang le scoil sa Nua-Shéalainn. Anois, scríobhaimid **blag** agus malartaímid grianghraif dhigiteacha ach tá an prionsabal céanna ann: leis an teicneolaíocht is féidir linn ár seomraí ranga a oscailt suas, agus cuireann sí ar ár gcumas próisis fhoghlama a thaiscéaladh le daoine agus le háiteanna eile lasmuigh dár scoil. Ní gá dúinn ticéad eitleáin chuig an Nua-Shéalainn a cheannach chun cuairt a thabhairt ar ár gcairde pinn. Anois is féidir linn cuairt fhíorúil a thabhairt ar a scoil, freagairt dá mblag, féachaint ar na grianghraif, roinnt ceisteanna a chur agus tuiscint a fháil ar shaol na Nua-Shéalainne laistigh de mhaidin amháin.

### An Tionscadal um Chomhtháthú Scoileanna (SIP)

Tar éis do TF2000 a bheith dea-bhunaithe, cuimsíodh ár scoil i dtionscadal a riar an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE) dá ngairtear an Tionscadal um Chomhtháthú Scoileanna (SIP) agus fuaireamar deich ríomhaire deisce. Chuir sin ar ár gcumas ár gcuid oibre a leathnú, agus bhaineamar an-taitneamh as an deis a bhí againn leas a bhaint as iliomad féidearthachtaí i ndáil le teagasc agus foghlaim le teicneolaíocht.

info@ncca

## Foghlaimíonn leanaí ar bhealaí éagsúla

Go tobann ba é an buachaill arbh fhuath leis an matamaitic an 'dalta is fearr', ag déanamh líníochtaí matamaiticiúla agus i mbun ríomhchláraithe le *Logo*. D'úsáideamar ábhar ilmheáin chun baill dár bpobal áitiúil a thaifeadadh do thionscadail thraschuraclaim a bhain le stair, OSPS, Béarla agus tíreolaíocht. Bhí na leanaí a raibh a gcuid scríbhneoireachta doléite in ann ábhair phriontáilte fhoirfe a tháirgeadh. D'éirigh le leanaí gan bhuanna foghlama teangeolaíocha nó matamaiticiúla an córas ilmheáin a úsáid chun a nguthú féin a thaifeadadh chun scéal a bhfoghlama a thaiscéaladh agus a insint. Bhraith siad go raibh saoirse acu toisc go raibh sé chomh héasca sin íomhánna agus físeáin a úsáid chun a gcuid foghlama a fheabhsú agus a chomhroinnt. Bhíomar in ann idéanna lárnacha an churaclaim a chur i ngníomh, eadhon, go bhfoghlaimíonn leanaí ar bhealaí éagsúla, trí úsáid chuí a bhaint as an teicneolaíocht sna gnáth-thionscadail a rinneamar inár seomra ranga. Féach ar ár **suíomh gréasáin** chun eiseamláir a fháil de thionscadal traschuraclaim ar *People in our Community.*

## Suíomh gréasáin na scoile

Toisc gur thosaíomar ag foilsiú ár gcuid oibre ar shuíomh gréasáin na scoile, cuireadh tús le comhrá oideachais cruthaitheach a bhí go hiomlán nua. Ní hamháin go rabhamar in ann treoir agus idéanna saineolaithe a fháil ó fhoinsí lasmuigh dár scoil; anois bhí daoine eile ag déanamh teagmhála linn chun comhairle a lorg agus chun ár gcuid idéanna a úsáid ina bpróisis teagaisc agus foghlama. Thosaigh comhlachtaí oideachais éagsúla ag úsáid ár gcuid tionscadal mar eiseamláirí de dhea-chleachtas. Fuair grúpa amháin i rang a sé cuireadh teacht chun amhráin a chasadh ag pósadh, fiú amháin, toisc gur chas siad **'Let it Be'**—beagán as tiúin— ar ár suíomh gréasáin.

## Treoraí ar an taobh

Níor bhain an próiseas seo maidir le 'hoscailt suas' le hidéanna a thaiscéaladh agus a chomhroinnt le scoileanna i bhfad i gcéin amháin, áfach; thosaigh sé ag tarlú sa phróiseas foghlama sa seomra ranga freisin. Ní raibh an múinteoir ina shaineolaí i gcónaí nó ina dhuine leis na freagraí uile níos mó. Is é ceann de phrionsabail bhunúsacha *Curaclam na Bunscoile* go mbíonn leanaí gníomhach ina gcuid foghlama féin. Tá an t-athrú ó mhúinteoir atá mar 'shaoi ar an stáitse' chuig múinteoir atá mar 'threoraí ar an taobh' ina ghné thábhachtach de leanaí a chumasú chun bheith ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha. Spreagann na hidéanna céanna an-chuid den obair a dhéanaimid le teicneolaíocht san oideachas. Go minic, foghlaimíonn an múinteoir agus na leanaí in éineacht lena chéile i gcomhrá oideachais comhoibritheach. I láthair na huaire, táim ag baint trialach as *Scratch*, teanga ríomhchláraithe, agus uaireanta bíonn leanaí an tséú rang i bhfad níos fearr ná mar atáim féin agus muid ag déileáil leis na dúshláin éagsúla i gceist leis. Mar sin féin, múinimid a chéile agus cabhraímid le chéile, agus tá súil agam go mbeimid in ann roinnt samplaí dár dturgnaimh a fhoilsiú go luath.

## Focal scoir

Ceiliúrann *Curaclam na Bunscoile* luachanna an duine i dtéarmaí uathúlacht an linbh, mar a chuirtear in iúl i bpearsantacht, in éirim agus i bpoitéinseal forbartha gach linbh é. Fuaireamar gur féidir feabhas a chur ar an gceiliúradh sin trí theicneolaíocht a úsáid mar uirlis san oideachas. Mar sin féin, chun go leanfadh an ceiliúradh seo ar aghaidh caithfidh páirtithe leasmhara an oideachais cloí lena dtiomantas do theagasc agus d'fhoghlaim. Tá súil againn go gcuirfear maoiniú don teicneolaíocht, nach raibh ar fáil le seacht mbliana anuas, ar fáil dár scoil in iarthar Mhaigh Eo go luath. ”



Is mian linn buíochas a ghabháil le Máirín Glenn agus le SN an Inbhir, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo as a scéal a roinnt linn. Chun níos mó a léamh faoi scéal na scoile seo agus faoina dtionscadail éagsúla, tabhair cuairt ar a suíomh gréasáin, **www.iol.ie/~bmullets/**.

# Súgradh sochdhrámata: deis foghlama

**Míníonn an scéal seo conas a d'éirigh liom súgradh sochdhrámata a chuimsiú i gCuraclam na Bunscoile. Múinim naíonáin bheaga i mbunscoil do chailíní ina bhfuil 405 dalta agus 15 múinteoir seomra ranga.**

***Súgradh sochdhrámata agus an curaclam***
Samhlaigh an comhrá idir an bheirt chailíní sa ghrianghraf.



*Lig ort go bhfuil mo leanbh tinn, Is tusa an dochtúir agus táimse ag cur glaoch ort. Céard í d'uimhir ghutháin sa chluiche?*

*Emmm... 299.*

*Ok. Haló a Dhochtúir, tá an leanbh tinn, tar go tapa, tá súil bhriste aici. An féidir leat teacht anseo?*

Tharla sé sin i mo sheomra ranga. An féidir leat na féidearthachtaí atá i gceist d'fhorbairt teanga, do mhatamaitic, do OSPS agus do dhrámaíocht i gCuraclam na Bunscoile a fheiceáil? Foghlaimíonn leanaí óga trí mheán an tsúgartha agus mar sin tá súgradh riachtanach chun an curaclam a chur i bhfeidhm dóibh. Seans go bhfuil tú ag smaoineamh cheana féin ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh cosc a chur ort súgradh a úsáid mar mhodheolaíocht. Tuigim – mar bhí an t-amhras céanna ormsa!

## Na dúshláin a bhaineann le súgradh a chomhtháthú leis an gcuraclam

Le linn m'oiliúna fochéime luaithe, bhí an-spéis agam i súgradh sochdhrámata in oideachas na luath-óige. Bhí mé an-tógtha leis an mbealach a ghluaiseann leanaí óga idir an fíordhomhan agus domhan na samhlaíochta, ag ligean orthu gur daoine éagsúla iad agus iad ag cruthú scéalta. Nuair a bhreathnaigh mé leanaí óga ag súgradh, thuig mé go gcuireann súgradh sochdhrámata comhthéacs luachmhar, siamsúil ar fáil inar féidir le leanaí scileanna luathlitearthachta a fhoghlaim. Mar sin féin, nuair a bhí mé ag déanamh cleachtadh múinteoireachta mar mhúinteoir faoi oiliúint, chuir na deacrachtaí a bhíonn ag múinteoirí a dhéanann iarracht curaclam súgartha a chur i bhfeidhm ina seomraí ranga naíonán drochmhisneach orm – ranganna róphlódaithe, easpa spáis agus ord tosaíochta na gcuspóirí curaclaim.

Nuair a ghlac mé post mar mhúinteoir naíonán beag bhí fonn orm rudaí a athrú. Bhí sé beartaithe agam súgradh a chomhtháthú go hiomlán leis an gcuraclam agus bhí mé ag tnúth go mór le hiliomad deiseanna súgartha sochdhrámata a chur ar fáil do mo chuid daltaí. Mar sin féin, bheadh orm fianaise d'fhoghlaim, de dhul chun cinn agus de ghnóthachtáil i súgradh a chur ar fáil. Bhí srian orm mar gheall ar thosaíochtaí an churaclaim chomh maith, agus thug ranganna móra agus easpa acmhainní, easpa spás seomra ranga agus easpa tacaíochta duine fásta dúshlán dom freisin. Ní raibh eagla orm roimh dhúshlán riamh agus mar sin shocraigh mé breis-staidéar a dhéanamh chun cabhrú liom roinnt de na constaicí a bhaineann le súgradh a úsáid sa seomra ranga a shárú.

## Súgradh sochdhrámata i mo sheomra ranga

I láthair na huaire, tarlaíonn súgradh sochdhrámata i mo sheomra ranga gach lá

- i rith seisiúin de shaorshúgradh gach maidin, thart ar 30-40 nóiméad i bhfad
- comhtháite le ceachtanna, mar shampla rólghlacadh in OSPS, dráma a dhéanamh de chnámha scéil sa Bhéarla nó ligean orthu gur gníomhaithe i scéal staire iad.

Cuirtear am i leataobh do sheisiúin shaorshúgartha i mo chlár ama seachtainiúil do Bhéarla, Matamaitic, OSIE agus OSPS trí úsáid a bhaint as cuid den am tiomanta dóibh in Curaclam na Bunscoile. Faigheann leanaí taithí ar an-chuid gnéithe de na réimsí curaclaim seo agus iad ag súgradh. Le linn saorshúgartha, roghnaíonn na leanaí an téama, na hacmhainní agus suíomh a súgartha. Cuirim a roghanna súgartha in ord tosaíochta chun iad a spreagadh agus chun cur ar a gcumas taitneamh a bhaint as an bhfoghlaim.

## Timpeallacht an tseomra ranga

Ag cúl mo sheomra ranga bhig tá spás do shúgradh sochdhrámata. Déantar an trealamh súgartha a stóráil anseo, ach is féidir le leanaí bheith ag súgradh in áiteanna eile sa seomra ranga, agus boird agus cathaoireacha a bhogadh más maith leo. Ag an tráth seo, caithfidh tú fáil réidh leis an íomhá sin de sheomra ranga dea-eagraithe, slachtmhar agus ligean do na leanaí an spás a úsáid go cruthaitheach. Ná bí róthógtha leis an taispeántas ar do bhord nádúir ach oiread, mar is minic a fuair mé ar thaobh amháin den seomra é, in úsáid mar chuntar bainc agus na buaircíní á n-úsáid chun duillíní lóisteála a stampáil! Ná déan dearmad gur féidir slacht a chur ar do sheomra ranga arís nuair atá an súgradh críochnaithe.

## Frapaí súgartha

Agus mé ag féachaint ar chatalóg na soláthraithe oideachais, ba bhreá liom é dá mbeinn in ann an chistin súgartha álainn seo nó na héadaí súgartha stairiúla sin a cheannach. Ar an drochuair, níl sé d'acmhainn agam. Tugann leanaí seanbhréagáin, seanchoimeádáin bhia,

info@ncca





éadaí naíonán do na bábóga agus seanéadaí chun gléasadh suas isteach leo. Bailím gach rud is féidir liom, leithéidí irisleabhair, seanmhálaí láimhe, oiriúintí agus maisiúcháin. Sula gcaithim aon rud sa bhosca athchúrsála, cuirim ceist orm féin, an féidir linn súgradh leis seo?

Cuirtear na bréagáin agus na frapaí sin i gcoimeádáin phlaisteacha ar a bhfuil pictiúir a léiríonn na nithe atá istigh iontu. Úsáidtear iad chun cabhrú le leanaí ligean orthu go bhfuil siad i siopa, i dteach, i mbanc, in oifig an phoist, i lialann an dochtúra nó in oifig an rúnaí. Píosaí éadaigh atá ina dtonnta mara ar lá amháin, bíonn siad mar saris ar an gcéad lá eile. Is minic a úsáidtear ár bhfráma *Styrofoam* inathraithe chun teach físe na leanaí a thógáil, gan aon ghá a bheith buartha nach bhfaighidh siad cead pleanála! Chun nach n-éireoidh siad bréan de na frapaí súgartha, athraím iad i rith na bliana agus déanaim iarracht acmhainní a chuimsiú a bhaineann le téama atá idir lámha againn i réimsí éagsúla curaclaim. Mar shampla, má tá laethanta saoire á bplé againn in OSIE, cuirim bróisiúir thaistil, buidéil fholmha de sciath ghréine, spéaclaí gréine agus tuáille trá ar fáil.

## Mo ról sa súgradh

Éistim, breathnaím agus cuirim mo mheadar isteach i súgradh na leanaí chun a gcuid foghlama a leathnú agus chun tacú leis. Chun am súgartha i mo sheomra ranga a shamhlú, níl ort ach smaoineamh ormsa ag ordú bia ag bialann Shíneach fad agus atá mé ag siúl timpeall líne de shuíocháin ar eitleán, taobh le lialann an dochtúra, ag léim thar Chóitín Luachra, agus leanbh le cloisteáil taobh thiar díom ag tafann mar a bheadh madra. Agus cé gur íomhá scanrúil é seo, agus cé go bhféadfadh sé níos mó ama a thógáil caoi a chur ar an seomra, is fiú sin mar gheall ar na torthaí iontacha air.

## Ag foghlaim trí mheán súgartha shochdhrámata

Treisíodh mo thuiscint ar conas a chuireann súgradh sochdhrámata le foghlaim leanaí, agus go háirithe lena litearthacht, trí mheán m'eispéiris sa seomra ranga. Trí shúgradh na leanaí a bhreathnú go cúramach agus trí pháirt a ghlacadh ann, féadaim an úsáid a bhainim as súgradh i mo sheomra ranga naíonán a chosaint.

Maidir leis na leanaí

- forbraíonn siad scileanna luathlitearthachta a thacóidh leo agus iad ag bogadh ar aghaidh tríd an scoil.
- foghlaimíonn siad conas oibriú agus súgradh le chéile, conas seiftiú, idirbheartú, forbairt agus cumarsáid a dhéanamh chun scéal nó script dráma a chruthú a chuimsíonn teannas, siombailí, róil, teanga, am, spás agus plota.
- déanann siad rudaí a ionadú, rud a chomhfhreagraíonn don chumas a bhíonn ag leanaí focail a úsáid chun nithe agus idéanna a léiriú níos déanaí: cé chomh minic an bhfaca tú leanbh le scuab gruaige ag ligean air gur micreafón é?
- leathnaítear a gcuid eolais ar imeachtaí, gníomhartha agus mothúcháin agus foghlaimíonn siad faoi eispéiris agus mothúcháin daoine eile.

## Conclúid

Tá súil agam go gcabhróidh mo scéal le léiriú céard atá indéanta nuair a úsáidtear súgradh sochdhrámata le naíonáin. Bíonn foghlaim ghníomhach agus smaointeoireacht ardoird i gceist ina n-úsáideann leanaí ionadú, samhlaíocht agus foghlaim chomhoibritheach agus ina bhforbraítear scileanna sóisialta, mothúchánacha, fisiceacha, cognaíocha, uimhearthachta agus teangeolaíocha, a chuireann bonn faoi *Curaclam na Bunscoile*. Mar sin ba chóir dúinn a bheith muiníneach agus treallúsach maidir le neart deiseanna ar ardchaighdeán a chur ar fáil do shúgradh sochdhrámata, leis an eolas go mbímid ag saibhriú fhoghlaim agus fhorbairt na leanaí. Tá *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* le foilsiú i mí Dheireadh Fómhair na bliana seo, agus is deis iontach é sin cabhrú le múinteoirí naíonán súgradh a chur chun cinn níos mó mar eispéireas tábhachtach foghlama. Tabharfaidh treoirlínte Aistear maidir le súgradh agus a aguisín ar acmhainní súgartha treoir do mhúinteoirí faoi conas deiseanna saibhre foghlama a chur ar fáil do leanaí.

Maidir le haon mhúinteoir atá ag smaoineamh ar shúgradh sochdhrámata a úsáid, molaim duit é a dhéanamh. Bí réidh chun glacadh le roinnt rioscaí, agus chun roghanna agus am a thabhairt do na leanaí le cur ar a gcumas a súgradh a threorú leis na frapaí agus na spásanna atá ar fáil. Mar sin, is cuma má tá Sam agus Jack ag plé conas is féidir leo an bua a fháil ar an neach neamhshaolta le dhá chos agus dhá lámh atá á n-ionsaí, nó má tá Rachel agus Katie ag argóint faoin duine a bhfuil an chuma is fearr orthu ina "Jimmy Choos"! Ná déan dearmad ar an méid a dúirt Carl Gustav Jung, *"gan súgradh le fantaisíocht, níor táirgeadh aon saothar cruthaitheach riamh. Tá fiacha do-ríofa dlite orainn as súgradh na samhlaíochta"*.

**Is mian leis an CNCM buíochas a ghabháil le Fiona Giblin ó Scoil Náisiúnta do Chailíní Naomh Canice, Fionnghlas, Baile Átha Cliath as a scéal a roinnt linn.**

**Tá scéalta scoileanna eile ar fáil ar ár *suíomh gréasáin*.**

# Ár ndomhan fíorúil

**www.ncca.ie a thaiscéaladh**

**Ar thug tú cuairt ar www.ncca.ie le deireanas? Gan amhras, chonaic tú an iliomad tagairtí dár suíomh gréasáin san eagrán seo de info@ncca, agus b'fhéidir gur chliceáil tú ar roinnt de na naisc inár n-ailt chun cuairt a thabhairt ar leathanaigh ar an suíomh gréasáin. Seans go mbeidh ionadh ort faoi raon an inneachair, na n-acmhainní agus na bhfoilseachán atá ar fáil má dhéanann tú an suíomh a thaiscéaladh...**

### Conas a eagraítear ár suíomh gréasáin?

Ar ár leathanach baile, ar a bhfuil trí chorrán daite, leagtar amach na trí chuid dár suíomh gréasáin agus liostaítear roinnt de na nithe ar fáil i ngach cuid de.









## Cliceáil ar an gcorrán gorm

Má chliceálann tú ar an gcorrán gorm, rachaidh tú isteach i gcuid **chorparáideach** ár suímh ghréasáin. Anseo tá faisnéis faoin obair atá ar siúl ag an CNCM i láthair na huaire, faisnéis fúinn féin, faoinár bhfoilseacháin agus faisnéis do thuismitheoirí. Trí chliceáil ar na míreanna atá 'I mBéal an Phobail', féadann tú dul go tapa chuig na réimsí ina bhfuil obair nua á déanamh agus chuig ábhair a bhíonn ag teastáil ó mhúinteoirí ag tráthanna sonracha den bhliain, leithéid Teimpléid le haghaidh Cártaí Tuairisce.

Is féidir míreanna úsáideacha a bhaineann leis an mbunscoil a rochtain cosúil le DVD faoi churaclam na bunscoile, *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*, nó treoirlínte maidir le TFC a chomhtháthú le teagasc agus foghlaim i do scoil.

Féadann múinteoir iar-bhunscoile nó príomhoide léamh faoi fhorbairtí a tharla le deireanas sa tsraith shinsearach, faisnéis cothrom le dáta a fháil faoin *Tionscadal Mata* nó tuilleadh eolais a fháil ar Mheasúnú chun Foghlama (AfL).

Féadann tuismitheoir faisnéis a fháil ar thrialacha caighdeánaithe, ar thuairisc scoile a linbh nó féadann siad leideanna a fháil faoi conas cabhrú le luathlitearthacht a linbh óig.

Féadann daltaí teacht ar bhileoga fíricí d'ábhair éagsúla ar a bhfuil faisnéis éasca le léamh ar raon na n-ábhar ar fáil ag an leibhéal iar-bhunscoile. Féadann siad páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin na sraithe sinsearaí freisin.

**Mar sin, an bhfuil fonn ort a bheith mar Chriostóir Colambas sa domhan fíorúil nó Neil Armstrong i gcibearspás?**

**Cliceáil ar www.ncca.ie agus ar aghaidh leat ag taiscéaladh...**

## Cliceáil ar an gcorrán dearg

Má chliceálann tú ar an gcorrán dearg, rachaidh tú isteach sa chuid dár suíomh gréasáin a bhaineann le **curaclam ar líne.**

Tá leagan leictreonach de *Curaclam na Bunscoile* agus de churaclaim na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí ar fáil anseo agus is féidir iad a bhrabhsáil agus a chuardach. Más múinteoir nó príomhoide tú, seans go mbeidh an chuid seo úsáideach le haghaidh do chuid pleanála.





## Cliceáil ar an gcorrán flannbhuí

Má chliceálann tú ar an gcorrán flannbhuí, rachaidh tú isteach sa chuid **ACTION** dár suíomh gréasáin. Ciallaíonn ACTION *Nuálaíocht i Measúnú, Curaclam agus Teagasc ar an Idirlíon* agus tá an fócas anseo ar nithe a léiriú in ionad iad a rá, ar 'conas' teagasc agus foghlaim a dhéanamh i scoileanna. Seans go bhfuil tú ar an eolas go bhfuil an obair a rinneamar le deireanas níos dírithe ar oibriú go díreach le scoileanna ná mar a bhíodh. Ar ACTION tá ábhair shamplacha a fhorbraítear agus a bhailítear le cabhair múinteoirí, príomhoidí agus daltaí. Anseo, is féidir leat rochtain a fháil ar acmhainní mar phodchraoltaí faoi Mheasúnú chun Foghlama (AfL) nó a léiríonn conas torthaí trialacha caighdeánaithe a thuairisciú do thuismitheoirí. Tá físeáin ghearra air ina dtaispeánann múinteoirí modhanna teagaisc nó ceachtanna. Is féidir samplaí de shaothar daltaí agus eiseamláirí ó scoileanna a léiríonn conas a rinne siad TFC a chomhtháthú lena dteagasc agus foghlaim a bhreathnú nó a íoslódáil.

# Forualach an churaclaim

## Freagairt don Dúshlán!

**Rinne an CNCM athbhreithniú ar shé ábhar in *Curaclam na Bunscoile*. Teachtaireacht láidir a chuir múinteoirí agus príomhoidí in iúl nach raibh go leor ama acu leis an 'gcuraclam uile a theagasc' agus luaigh siad go mbíonn frustrachas orthu toisc nach mbíonn siad in ann freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí uile sa seomra ranga. Conas a fhreagróidh an CNCM don dúshlán seo?**



### An mbaineann forualach an churaclaim le hÉirinn amháin?

Ní bhaineann, ná ní féidir a rá go dtarlaíonn sé san earnáil bhunscoile amháin. Tuairiscítear go forleathan i dtíortha eile agus trasna gach leibhéil scoile é. Mar shampla, luaigh athbhreithniú a rinneadh ar an gCuraclam Náisiúnta sa Ríocht Aontaithe le deireanas curaclam róphlódaithe agus easpa ama do gach ábhar. In 2007, scríobh David Elkind, síceolaí leanaí i Stáit Aontaithe Mheirceá, leabhar dar teideal *The Hurried Child*. Dúirt sé '*there is a temptation not only to fill the bottles faster, but also to fill them earlier*'.

Baineann forualach an churaclaim leis an tsraith shóisearach freisin. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo táimid ag úsáid cur chuige dá ngairimid athchothromú. Ciallaíonn sin forualach laistigh de shiollabais agus forluí idir ábhair a laghdú, chun go mbeidh níos mó spáis agus níos mó ama ag múinteoirí le hidirghníomhaíochtaí foghlama ardchaighdeáin a dhéanamh le daltaí, díreach mar atá ag teastáil uathu. An féidir le hathchothromú saincheist an fhorualaigh a réiteach? Tá an obair seo ar siúl go leanúnach, agus tá an tsraith shóisearach ina príomhréimse oibre dúinn. Coinnigh cothrom le dáta faoin athchothromú in eagráin de info@ncca amach anseo.

## Céard iad na héilimh ar scoileanna in Éirinn sa lá atá inniu ann?

Is minic a bhíonn brú frisnéiseach ar scoileanna. Bíonn tuismitheoirí agus an tsochaí ag tnúth leis go n-ullmhóidh scoileanna a gcuid leanaí do shaol atá ag athrú. Mar sin féin, teastaíonn uathu freisin go gcuirfidh scoileanna bonn daingean sna nithe 'bunúsacha' ar fáil do leanaí. Go rímhinic, iarrtar ar scoileanna agus ar ghníomhaireachtaí forbartha curaclaim, leithéid an CNCM, cláir a chuimsiú ar raon saincheisteanna – ó itheachán folláin go cothú cíche, sábháilteacht ar bhóithre go dea-bhéas, agus ar gach rud idir eatarthu! Sa timpeallacht eacnamaíoch reatha, tá éileamh mór ar scoileanna scileanna nua don 21ú haois a mhúineadh do leanaí chun iad a ullmhú d'ionad oibre na todhchaí, ionad oibre atá ag athrú go tapa agus nach féidir a réamhinsint. Iarrtar ar scoileanna agus ar mhúinteoirí é sin uile a dhéanamh le leanaí agus le daoine óga a bhfuil riachtanais foghlama níos leithne agus cúlraí níos éagsúla orthu ná mar a bhí riamh, fad agus atá laghdú ag teacht ar líon na n-acmhainní ar fáil.

## An bhfuil ról ag téacsleabhair i bhforualach an churaclaim?

Léiríonn fianaise a bhailigh an CNCM nuair a rinne siad athbhreithniú ar churaclam na bunscoile gurb iad na téacsleabhair is mó a spreagann inneachar an churaclaim i gcás roinnt múinteoirí: bunaíonn siad 'na nithe is cóir a mhúineadh' orthu. Seans go mbraitheann múinteoirí go bhfuil dualgas orthu 'na leabhair a chríochnú', na bileoga oibre uile a chomhlánú. B'fhéidir go gcreideann siad gur chaith tuismitheoirí an oiread sin airgid ar na téacsleabhair agus ar na leabhair oibre sin, go bhfuil dualgas orthu a chinntiú go n-úsáidfidh agus go gcríochnóidh na leanaí iad. I ranganna ilghráid, caithfidh múinteoirí déileáil le breis agus aon sraith amháin de chuspóirí curaclaim, agus is minic a bhíonn orthu déileáil le hiliomad téacsleabhar. Ní haon ionadh, mar sin, gur chuir múinteoirí in iúl go soiléir go mbaineann fadhb le forualach an churaclaim i mbunscoileanna. Is féidir leat léamh faoi conas a d'éirigh le scoil amháin **fáil réidh leis an téacsleabhar** trí chliceáil ar an nasc.

## Cén freagra a thabharfaidh an CNCM ar an tsaincheist seo?

Dá mhéad a scrúdaítear saincheist fhorualach an churaclaim, is ea is mó a thuigimid nach mbeidh aon réiteach éasca nó tapa air. Tá súil againn freagairt don tsaincheist le raon gníomhartha gearrthéarmacha agus meántéarmacha.

Mar atá ar eolas ag gach múinteoir bunscoile, cuimsíonn na 23 leabhar atá ina gcuid de *Curaclam na Bunscoile* cáipéis a dhéanann cur síos ar inneachar agus ceann eile a dhéanann cur síos ar mhodheolaíocht do gach ceann de na 11 ábhar, le cois leabhar ginearálta buneolais. Rinneadh roinnt plé ar cé chomh húsáideach agus atá na cáipéisí do phleanáil agus do theagasc le linn an dá chéim den **athbhreithniú ar an gcuraclam** a rinne an CNCM in 2005 agus 2008. Rinne roinnt múinteoirí tagairtí diúltacha do ró-chastacht agus do leithead an churaclaim, don inneachar neamhchúntach agus do theanga chasta an churaclaim. Thuairiscigh múinteoirí eile go raibh na téacsleabhair níos cabhraí ná na cáipéisí curaclaim agus iad ag pleanáil a gcuid teagaisc.

## Mar sin, cén freagra gearrthéarmach a thabharfaimid air?

Sna míonna amach romhainn, déanfaimid iarracht na cuspóirí ábhair a chur i láthair arís chun go mbeidh siad níos inrochtana agus níos inúsáidte ag múinteoirí. Comhoibreoimid leis An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna (PPDS) chun obair atá déanta acu cheana féin chun ábhair a chur i láthair arís a leathnú. Ba chóir go gcabhróidh an toradh le múinteoirí seicheamh, dul chun cinn agus forluí idir leibhéil ranga a aithint níos soiléire. De réir mar a fhorbrófar na hábhair, beidh siad ar fáil lena n-íoslódáil ar **www.curriculumonline.ie** agus ar **www.ppds.ie**. Cuirfimid tús le hobair ar eolaíocht, ar mhatamaitic agus ar Ghaeilge go luath.

## An mbeidh ról ag scoileanna agus ag múinteoirí?

De réir mar a fhorbrófar ábhair chun an curaclam a chur i láthair arís, iarrfaimid ar roinnt múinteoirí iad a úsáid ina gcuid pleanála. Tá na múinteoirí sin ag obair leis an CNCM sa **Líonra Bunscoile cheana féin**. Tá súil againn go gcabhróidh an t-aiseolas praiticiúil a gheobhaimid ó na múinteoirí sin linn feabhas breise a chur ar na hábhair. Ar an mbealach sin, baileoimid eolas ar éifeachtúlacht an churaclaim. Tabharfaidh sin treoir d'obair bhreise chun freagairt do na dúshláin i gceist le forualach an churaclaim.


## Céard eile atá beartaithe againn?

Mar a míníodh thuas, is í an straitéis ghearrthéarmach chun freagairt d'fhorualach an churaclaim *Curaclam na Bunscoile* a chur i láthair arís. Mar sin féin, tá sé beartaithe againn straitéisí meántéarmacha a chur i bhfeidhm freisin. Déanfaidh na straitéisí sin inneachar an churaclaim a mhionscrúdú.

Ní hamháin go gcuirfimid an curaclam i láthair arís - lena chois sin, imscrúdóimid modheolaíochtaí agus straitéisí teagaisc a d'fhéadfadh cabhrú le múinteoirí freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí uile i ranganna móra agus i suíomhanna ilghráid. I measc na straitéisí sin tá difreálú, úsáid a bhaint as socruithe eagraíochtúla éagsúla (obair ranga iomláin/obair ghrúpa/teagasc aonair) agus aonaid fhoghlama chomhtháite a fhorbairt.

Ní féidir le haon churaclam fanacht gan athrú. Ní mór curaclaim a athbhreithniú, a oiriúnú agus a athrú thar am chun aird a thabhairt ar fhorbairt eolais, ar athruithe agus riachtanais na sochaí agus ar an gcomhthéacs domhanda ina bhfuilimid ag feidhmiú.

Beidh príomhról ag scoileanna agus ag múinteoirí maidir le treoir a thabhairt d'obair leanúnach ar na saincheisteanna seo. Coinnigh súil amach ar eolas breise ar an straitéis mheántéarmach in eagráin amach anseo de **info@ncca** agus ar ár suíomh gréasáin **www.ncca.ie.**



# Foghlaim ghníomhach

## Athruithe ar eolaíocht na sraithe sinsearaí



**Bhí bitheolaíocht, ceimic agus fisic na hArdteistiméireachta ar roinnt de na chéad ábhair a ndearnadh athbhreithniú orthu mar chuid de na forbairtí sa tsraith shinsearach.**

### Céard atá ag athrú sna hábhair seo?

Anois cuirtear inneachar an ábhair i láthair mar thorthaí foghlama. Scríobhtar na torthaí foghlama ar bhealach a léiríonn céard ba chóir do dhaltaí a bheith in ann **a dhéanamh** in ionad liosta a thabhairt de céard ba chóir a bheith **ar eolas** acu. Tá na cúig phríomhscil (cumarsáid a dhéanamh, eolas a phróiseáil, a bheith éifeachtach go pearsanta, dul i gcomhar le daoine agus a bheith in ann smaoineamh go criticiúil agus go cruthaitheach) leabaithe sna torthaí foghlama sin.

Mar chuid d'eolaíocht na hArdteistiméireachta, **úsáidfidh** daltaí a gcuid eolais agus a gcuid tuisceana trí pháirt a ghlacadh i raon leathan gníomhaíochtaí a chuirfidh ar a gcumas príomhscileanna a fhorbairt agus a úsáid thar raon réimsí foghlama, i gcásanna a bhfuil taithí acu orthu agus i gcásanna nach bhfuil taithí acu orthu. Tá na scileanna a úsáidtear chun fadhb a réiteach nó chun freagra a fháil chomh tábhachtach leis an bhfreagra ceart a fháil.

### Céard faoin measúnacht?

An difríocht is mó a bheidh i gceist le measúnú na heolaíochta ná go mbeidh measúnacht bhreise i gceist ina ndéanfar obair eolaíochta phraiticiúil a mheasúnú. Trí mheasúnachtaí scríofa agus praiticiúla a chomhcheangal beidh deiseanna níos éagsúla ag daltaí le cur in iúl céard is féidir leo a dhéanamh i dteannta céard atá ar eolas acu.

### Cén tionchar a bheidh aige seo ar theagasc agus ar fhoghlaim?

Trí mheasúnú díreach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na heolaíochta i suíomh praiticiúil, le cois measúnú a dhéanamh i bhfoirm páipéir scríofa, treiseofar agus tacófar le modhanna teagaisc agus foghlama a chomhcheanglaíonn próiseas na heolaíochta leis na coincheapa, dlíthe agus teoiricí lena mbaineann. Mar atá sna siollabais atá ann i láthair na huaire, caithfidh na daltaí an-chuid dá gcuid ama ag déanamh eolaíocht phraiticiúil. Trí dhaltaí a mheasúnú ar bhealach a chiallaíonn go mbronnfar marcanna sonracha ar a gcumas nithe praiticiúla a dhéanamh, spreagfar daltaí chun aird a thabhairt ar 'an smaointeoireacht atá taobh thiar den ghníomhaíocht'.

### Cén chuma a bheidh ar an measúnacht phraiticiúil?

Oibreoidh an CNCM le líonra scoileanna sa bhliain amach romhainn chun a léiriú cén chuma a d'fhéadfadh a bheith ar thograí measúnaithe i ngníomh, agus céard a bheidh i gceist leo do mhúinteoirí agus do dhaltaí. An téarma seo caite, scríobhamar chuig gach scoil chun iarraidh orthu páirt a ghlacadh, agus fuaireamar freagra an-spreagúil; thug níos mó ná 170 scoil freagra orainn. As na scoileanna sin, roghnaíodh 12 scoil a dhéanann ionadaíocht ar an raon is leithne scoileanna is féidir. Oibreoidh na scoileanna seo leis an CNCM chun eiseamláirí de chineálacha measúnachtaí praiticiúla a tháirgeadh, le ceisteanna, tascanna, scéimeanna marcála agus píosaí físeáin san áireamh. Mar chuid den obair, bainfidh múinteoirí triail as na heiseamláirí le daltaí ina gcuid scoileanna. Cuirfidh na heiseamláirí iarbhír sin, a ghinfear i gcomhthéacs Éireannach, ar ár gcumas impleachtaí na n-athruithe ar an measúnú a thriail agus a thaiscéaladh i suíomhanna scoile agus i gcásanna éagsúla. Na heiseamláirí a ghinfear mar chuid den chleachtadh seo, cuimseofar iad sa chomhairliúchán ar na siollabais eolaíochta leasaithe. Ullmhóidh an CNCM ceisteanna scrúdaithe agus gníomhaíochtaí foghlama samplacha freisin a rachaidh leis na heiseamláirí measúnachta.

### Conas a bheidh tú in ann do thuairimí a chur in iúl dúinn?

Cuimseofar bitheolaíocht, ceimic agus fisic na hArdteistiméireachta i gcomhairliúchán na sraithe sinsearaí sna míonna amach romhainn. Beidh tú in ann na siollabais a léamh, féachaint ar raon na n-eiseamláirí foghlama samplacha, féachaint ar na socruithe measúnaithe agus do thuairim a chur in iúl dúinn. Chun súil a choinneáil ar fhorbairtí sa bhliain amach romhainn, téigh chuig **www.ncca.ie/seniorcycle**, féach ar an gcuid den nuachtlitir seo a bhaineann le heolas chun dáta agus féach ar an gcuid dár leathanach baile a bhaineann le nithe atá 'i mbéal an phobail'. Cuirfear fáilte i gcónaí roimh aiseolas agus tuairimí uait.

info@ncca

# Teastas Sóisearach
## Bileog Fíricí

Dearadh sraith de 24 bileog fíricí chun daltaí i rang a sé agus daltaí na chéad bhliana a chur ar an eolas faoi na hábhair ar fáil sa tsraith shóisearach. Déan na 23 bileog eile a íoslódáil ónár suíomh gréasáin.

# Tíreolaíocht



Sa Tíreolaíocht déanfaidh tú staidéar ar áiteanna, ar dhaoine agus ar na rudaí a mhúnlaíonn an timpeallacht. Foghlaimeoidh tú faoi thionchar na timpeallachta ar dhaoine, agus ar an gcaoi a athraíonn daoine an timpeallacht. Forbróidh tú do chumas chun léarscáileanna, graif agus léaráidí a tharraingt agus a thuiscint, agus beidh tú ag déanamh staidéir ar ghrianghraif agus ag bailiú eolais lasmuigh den seomra ranga trí obair allamuigh chomh maith.

### Cad a bheidh le foghlaim agam sa Tíreolaíocht?

Seo cuid de na rudaí a fhoghlaimeoidh tú:

- an áit a gconaíonn daoine (gnáthóg an duine) agus an fáth go gcónaíonn siad ann (patrúin daonra agus lonnaíochta)
- an domhan aiceanta agus na rudaí a imríonn tionchar air agus a mhúnlaíonn é
- domhan na ngníomhaíochtaí daonna agus na rudaí a imríonn tionchar air agus a mhúnlaíonn é
- conas eolas a fháil agus a úsáid ó fhoinsí éagsúla ar nós téacsleabhar, léarscáileanna, grianghraf, graf, léaráidí, nuachtán, DVDanna agus an Idirlín.

### Conas a fhoghlaimeoidh mé an Tíreolaíocht ar scoil?

Seo cuid de na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh leis an múinteoir agus leis an rang:

- dul i mbun oibre i d'aonar, ach an t-eolas a roinnt le daoine eile chomh maith
- eolas úsáideach a bhailiú a bhaineann leis an Tíreolaíocht laistigh agus lasmuigh den seomra ranga
- téarmaí tábhachtacha tíreolaíocha a fhoghlaim agus a úsáid
- conas léarscáil a léamh agus fios do bhealaigh a fháil
- léaráidí a tharraingt de ghnéithe tíreolaíocha idir aiceanta agus shaorga

### Conas a d'fhéadfainn níos mó a fhoghlaim faoin Tíreolaíocht lasmuigh den scoil?

Seo cuid de na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh:

- breathnú ar thuairiscí nuachta agus ar chláir faisnéise ar an teilifís agus ar DVDanna
- taighde a dhéanamh ar ábhair ó leabhair, nuachtáin agus irisí sa bhaile agus sa leabharlann phoiblí
- an tIdirlíon a úsáid chun taighde a dhéanamh ar áiteanna agus ar dhaoine
- difríochtaí a thabhairt faoi deara sa tírdhreach agus tú as baile ar laethanta saoire
- litreacha nó ríomhphoist a chur chuig daoine ar comhaois leat i dtíortha eile
- do chuid obair bhaile a dhéanamh!



## Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil ag éirí liom sa rang?

Inseoidh do mhúinteoir duit:

- na rudaí a rinne tú go maith
- na rudaí nár mhór duit a fheabhsú
- an chaoi le dul i bhfeabhas.

Rudaí eile a d'fhéadfá a dhéanamh:

- iarraidh ar chara leat féachaint ar do chuid oibre
- féachaint siar ar do chuid oibre go bhfeicfidh tú an feabhas atá tagtha ort.

## Cén sórt scrúdaithe atá ann don Tíreolaíocht sa Teastas Sóisearach?

Sa scrúdú seo, freagróidh tú fiche cinn de cheisteanna gearra sa chéad chuid den pháipéar, agus trí cheist níos faide sa dara cuid. Beidh ceisteanna ar léamh léarscáileanna, agus ar ghrianghraif, léaráidí agus chairteanna a mhíniú. Beidh tionscadal staidéir allamuigh roghnach ann chomh maith.

Is féidir an scrúdú a dhéanamh ag an Ardleibhéal nó ag an nGnáthleibhéal. In am trátha, cabhróidh an múinteoir leat an leibhéal is fearr a oireann duit a roghnú.

## An mbeidh na rudaí a fhoghlaimeoidh mé sa Tíreolaíocht cosúil leis na rudaí a d'fhoghlaim mé sa bhunscoil?

Sa bhunscoil rinne tú staidéar ar an Tíreolaíocht mar chuid den chlár Oideachais Shóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE). Tá eolas curtha agat ar mórán smaointe tíreolaíocha chomh maith trí staidéar a dhéanamh ar an timpeallacht áitiúil, náisiúnta agus dhomhanda. Tógann Tíreolaíocht an Teastais Shóisearaigh ar na bunsmaointe tíreolaíocha seo.



## Conas a chabhróidh an Tíreolaíocht liom?

Baineann gach duine úsáid as tíreolaíocht sa saol laethúil. Nuair atá tú ag smaoineamh ar cá háit a rachaidh tú ar laethanta saoire nó ar aimsir an lae amárach, tá tú ag smaoineamh ar ábhair thíreolaíocha. Nuair a fhéachann tú ar léarscáil in atlas, nó ar phlean baile, nó ar chairt aimsire, úsáideann tú scileanna a fhoghlaimíonn tú sa Tíreolaíocht.

Ullmhaíonn an Tíreolaíocht tú do ghairmeacha i bpleanáil baile, in oideachas aeríochta, i réamhaisnéisiú na haimsire, i dturasóireacht agus in iompar.

Coimeádann an Tíreolaíocht ar an eolas tú mar gheall ar thopaicí a phléitear i gcomhrá, i gcúrsaí reatha, i dtuairiscí nuachtáin agus ar an teilifís, mar shampla athrú aeráide, fuinneamh inathnuaite agus cúnamh do thíortha bochta.

## An mbeidh aon bhaint ag an Tíreolaíocht leis na hábhair eile a dhéanfaidh mé?

De réir mar a dhéanann tú staidéar ar an Tíreolaíocht, forbróidh tú do chuid scileanna cumarsáide mar a dhéanfá sa Bhéarla. Déanfaidh tú staidéar ar tháblaí agus tarraingeoidh tú graif mar a dhéanann tú sa Mhatamaitic. Díríonn an Tíreolaíocht ar an timpeallacht, mar a dhíríonn an Eolaíocht. Tá téamaí sa Tíreolaíocht agus in OSSP araon amhail cúram don timpeallacht agus ceisteanna a bhaineann le roinnt neamhchothrom shaibhreas agus acmhainní an domhain.




## An mbeidh an Tíreolaíocht an-difriúil tar éis an Teastais Shóisearaigh?

I dTíreolaíocht na hArdteistiméireachta, beidh tú eolach ar chuid de na topaicí agus déanfar clúdach níos grinne orthu. Tabharfar topaicí nua ar nós réigiúin an domhain isteach. Cuid riachtanach den scrúdú seo is ea imscrúdú tíreolaíoch, a mbeidh obair allamuigh mar chuid de.

Tá an bhileog fíricí seo agus bileoga fíricí eile ar fáil le híoslódáil ag **www.ncca.ie**

NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

**24 Cearnóg Muirfean, Baile Átha Cliath 2 | Tel: + 353-1-6617177**



**Gheobhaidh tú eolas faoin gcúrsa Tíreolaíochta anseo**
**www.curriculumonline.ie**

**Gheobhaidh tú eolas faoi scrúdú an Teastais Shóisearaigh anseo**
**www.examinations.ie**

**Gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoin tíreolaíocht anseo**
**www.scoilnet.ie**
**www.skoool.ie**
**www.geography.learnontheinternet.co.uk**

info@ncca